Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Márta 2023**
**(OR. en)**

**7359/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0069(NLE)**

**AELE 9**
**EEE 6**
**N 21**
**ISL 21**
**FL 7**
**MI 187**
**AVIATION 65**
**RELEX 333**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Márta 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 136 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) agus Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE (Rialachán EASA) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 136 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 136 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.3.2023
COM(2023) 136 final

2023/0069 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) agus Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE**

**(Rialachán EASA)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste LEE i ndáil leis an gCinneadh ó Chomhchoiste LEE atá sé beartaithe a ghlacadh i dtaca le leasú ar Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) agus Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Comhaontú LEE

Leis an gComhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('*Comhaontú LEE*') ráthaítear cearta agus oibleagáidí comhionanna laistigh den Mhargadh Inmheánach do shaoránaigh agus d'oibreoirí eacnamaíocha in LEE. Déantar foráil ann maidir le cuimsiú reachtaíochta de chuid an Aontais lena gcumhdaítear na ceithre shaoirse ar fud 30 Stát LEE, mar atá Ballstáit an Aontais, an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin. Thairis sin, cumhdaítear le Comhaontú LEE comhar i réimsí tábhachtacha eile amhail taighde agus forbairt, oideachas, beartas sóisialta, an comhshaol, cosaint tomhaltóirí, turasóireacht agus cultúr, réimsí a dtugtar beartais '*tionlacain agus chothrománacha*' orthu i dteannta a chéile. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994. Is páirtí sa Chomhaontú é an tAontas Eorpach in éineacht lena Bhallstáit.

### 2.2. Comhchoiste LEE

Tá Comhchoiste LEE freagrach as Comhaontú LEE a bhainistiú. Is fóram é chun tuairimí a bhaineann le feidhmiú Chomhaontú LEE a mhalartú. Is de chomhthoil a dhéantar cinntí ón gComhchoiste agus tá siad ina gceangail ar na Páirtithe. Is í Ardrúnaíocht an Choimisiúin Eorpaigh atá freagrach as ábhair LEE a chomhordú ar thaobh an Aontais.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag Comhchoiste LEE

Meastar go nglacfaidh Comhchoiste LEE an Cinneadh ó Chomhchoiste LEE ('an gníomh atá beartaithe') maidir le leasú ar Iarscríbhinn II (Rialacháin Theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) agus Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE.

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe an Rialachán maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (Rialachán EASA)[1] a ionchorprú i gComhaontú LEE.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagail 103 agus 104 de Chomhaontú LEE.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Cuireann an Coimisiún an dréacht-Chinneadh ó Chomhchoiste LEE faoi bhráid na Comhairle lena ghlacadh mar sheasamh ag an Aontas. Nuair a ghlacfar é, ba cheart an seasamh a chur i láthair a luaithe is féidir i gComhchoiste LEE.

[1] Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle, IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

Tá an dréacht-Chinneadh nasctha le pacáiste cinntí lena n-ionchorpraítear thart ar 60 gníomh dlí gaolmhar breise, agus ní théann siad féin thar oiriúnuithe teicniúla. A luaithe a bheadh sé réidh, ghlacfaí an pacáiste sábháilteachta eitlíochta sin le chéile i gcruinniú Comhchoiste LEE amháin.

Gníomh breise um shábháilteacht eitlíochta — an Rialachán maidir le hOibríochtaí Héileacaptar amach ón gCósta[2] ('*Rialachán HOFO*') — níl sé réidh le hionchorprú mar chuid den phacáiste sábháilteachta eitlíochta aonair sin. Is é is cúis leis sin ná easaontú maidir le raon feidhme críochach Chomhaontú LEE.

Ar mhaithe le sábháilteacht fhoriomlán eitlíochta agus leis an gcothrom iomaíochta ar fud LEE, moltar leanúint ar aghaidh le hionchorprú Rialachán EASA (agus gníomhartha gaolmhara) fad is a bhfuil an tAontas agus tíortha CSTE LEE ag féachaint leis an easaontas maidir le cuimsiú Rialachán HOFO a réiteach. Ní dhéanann cinneadh den sórt sin dochar, áfach, do sheasamh an Aontais maidir le hionchorprú Rialachán HOFO agus maidir le raon feidhme críochach Chomhaontú LEE.

Leis an Dréacht-chinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis seo, tugtar isteach cearta rannpháirtíochta do Stáit LEE CSTE i mBord Bainistíochta Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, rud a théann thar na nithe a bhféadfaí a mheas nach bhfuil iontu ach oiriúnuithe teicniúla de réir bhrí Rialachán Uimh. 2894/94 ón gComhairle. Is í an Chomhairle, dá bhrí sin, a leagfaidh síos seasamh an Aontais.

Sa Dréacht-chinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis seo tá na príomh-oiriúnuithe seo a leanas le haghaidh Stáit CSTE LEE.

Rialacháin (CE) Uimh. 1592/2002 agus (CE) Uimh. 216/2008, ionchorpraíodh iad araon i gComhaontú LEE le hoiriúnú lena n-áirithítear rannpháirtíocht iomlán Stáit CSTE LEE i mBord Bainistíochta na Gníomhaireachta. Tá an t-oiriúnú sin á choinneáil le haghaidh ionchorprú Rialachán nua EASA. Thairis sin, tá Údarás Faireacháin CSTE le ligean isteach i mBord Bainistíochta freisin mar bhreathnóir. Ar an gcaoi chéanna, rannpháirtíocht Stáit CSTE LEE, chomh maith le stádas breathnóra Údarás Faireacháin CSTE, is rudaí iad a áiritheofar a bheith i gceist sna Coistí arna mbunú de bhun Rialachán (AE) 2018/1139, Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, agus Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008.

Fad a ghníomhaíonn Údarás Faireacháin CSTE nó an Buanchoiste, de réir an cháis, fad a ghníomhaíonn siad laistigh de réimse a n-inniúlachta faoi Chomhaontú LEE, tá sé de cheart acu cúnamh a fháil ón nGníomhaireacht i gcás inar ceart don Ghníomhaireacht cúnamh den sórt sin a thabhairt don Choimisiún. Aon fhoráil sa Rialachán a d'fhéadfaí a fhorléiriú gurb éard a dhéantar léi údarás a thabhairt don Ghníomhaireacht gníomhú thar ceann Stáit CSTE LEE faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta chun críoch eile seachas cúnamh a thabhairt i dtaca le hoibleagáidí a chomhlíonadh de bhun comhaontuithe den sórt sin, ní féidir a mheas gur foráil í sin atá infheidhme maidir le Stáit CSTE LEE.

Ceanglais ábhartha maidir le bainistiú aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta sa Rialachán, ina ghníomhartha cur chun feidhme agus ina ghníomhartha tarmligthe, ceanglais a eascraíonn as forálacha is infheidhme maidir le réigiún na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) na hEorpa (EUR) agus/nó réigiún na hAfraice agus an Aigéin Indiaigh (AFI), ba

---

[2] Rialachán (AE) 2016/1199 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 a mhéid a bhaineann le formheas oibríochtúil na loingseoireachta feidhmíochtbhunaithe, deimhniú agus maoirseacht soláthraithe seirbhísí sonraí agus oibríochtaí héileacaptar amach ón gcósta.

cheart a thuiscint nach ceanglais ar an Íoslainn iad, i gcás ina gcomhlíonann an Íoslainn Forálacha Forlíontacha Réigiúnacha ICAO maidir leis an Atlantach Thuaidh (NAT).

Tá sé de chúram ar Údarás Faireacháin CSTE faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí Stáit CSTE LEE faoi Chomhaontú LEE, rud atá inchomparáide le ról an Choimisiúin i leith na mBallstát. Tá gá le hoiriúnuithe chun ról Údarás Faireacháin CSTE a léiriú, go sonrach i gcás ina ndéantar foráil, le forálacha de chuid gníomh ón Aontas, maidir le haon idirghníomhaíocht idir an Coimisiún agus gníomhaireacht de chuid an Aontais. Le hoiriúnuithe déantar téacsanna na bhforálacha ábhartha a choigeartú chun an roinnt sin ar na cúraimí a léiriú agus chun a áirithiú go ndéanfar cearta agus oibleagáidí ábhartha an Choimisiúin a thabhairt d'Údarás Faireacháin CSTE freisin a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE LEE.

Beidh Stáit CSTE LEE rannpháirteach i ranníocaíocht airgeadais an Aontais leis an nGníomhaireacht.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Na prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.*'

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear freisin sa choincheap sin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[3].

#### *4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é Comhchoiste LEE a cuireadh ar bun le comhaontú, eadhon Comhaontú LEE. An gníomh a iarrtar ar Chomhchoiste LEE a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagail 103 agus 104 de Chomhaontú LEE.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar creat institiúideach an Chomhaontaithe ná ní leasaítear é. Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta maidir leis an gcinneadh atá beartaithe i gcomhar le hAirteagal 1(3) de Rialachán Uimh. 2894/94 ón gComhairle maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Na prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE i gcomhar le hAirteagal 1(3) de Rialachán Uimh. 2894/94 ón gComhairle, is ar bhunús dlí substainteach ghníomh dlí an Aontais atá le hionchorprú i gComhaontú LEE a bhraitheann sé go príomha.

[3] Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, eadhon an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Ós rud é go ndéantar leis an gCinneadh ón gComhchoiste Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1) a ionchorprú i gComhaontú LEE, is iomchuí an cinneadh seo ón gComhairle a bhunú ar an mbunús dlí substainteach céanna agus atá ag an ngníomh arna ionchorprú. Dá bhrí sin, is é Airteagal 100(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 100(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE agus Airteagal 1(3) de Rialachán Uimh. 2894/94 ón gComhairle maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, a bheith ina mbunús dlí le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Leasófar Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) agus Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE leis an ngníomh ó Chomhchoiste LEE, agus dá bhrí sin is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2023/0069 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) agus Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE

## (Rialachán EASA)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[4], agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[5] (‘Comhaontú LEE’) i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, féadfaidh Comhchoiste LEE a chinneadh Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) agus Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE, *inter alia*, a leasú.

(3) Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] ba cheart é a ionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) agus Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir.

---

4 IO L 305, 30.11.1994, lch. 6.

5 IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

6 Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle, IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais laistigh de Chomhchoiste LEE a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) agus Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE, bunófar an seasamh sin ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a ghlacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*